

Comhshaol agus Inmharthanacht

Glacfaidh DLR leis an dúshlán dul i ngleic le hAthrú Aeráide trínár dtimpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint do na glúnta amach romhainn, trína bheith bródúil faoinár n-acmhainní nádúrtha agus a chinntiú go dtugtar aire cheart dóibh. Cuir an pobal ar an eolas faoi mhaireachtáil inbhuanaithe, iarrachtaí a dhéanamh ar n-astaíochtaí carbóin a ísliú trí iompar gníomhach agus inbhuanaithe a úsáid.

Luachanna, Cultúr agus Brí

Is pobal cuimsitheach oscailte é Dún Laoghaire Ráth an Dúin ina mbíonn meas ag daoine ar chultúr éagsúil a bhall, ina mbaineann daoine sult as an gcultúr sin agus ina cheiliúrann daoine é, agus ina bhfuil an-tábhacht ag baint lena thraidisiúin, lena oidhreacht agus leis an nGaeilge. Áit ina bhfuil meas coiteann ann a chiallaíonn gur féidir le gach duine sult a bhaint as áiteanna, maoinne agus spásanna poiblí le chéile. Pobal ina dtacaítear agus ina gcothaítear cruthaitheacht agus cultúr.

Sláinte - Fisiciúil & Meabhrach

Pobal le cur chuige iomlánaíoch maidir le sláinte agus folláine. Timpeallacht dhearfach ina gcumhdaítear agus ina gcothaítear cách, agus ina bhfuil comhdheiseanna agus cuimsiú mar an norm. Pobal ina dtugtar tús áite agus dóthain acmhainní do riachtanais a mball, chun cinntiú go bhfuil rochtain chomhionann agus thráthúil ar chúram leighis fóirsteanach atá dírithe ar an othar.



Rannpháirtíocht, Daonlathas & Dea-rialachas

Tá múnla cuimsitheach daonlathais i bhfeidhm ag Dún Laoghaire Ráth an Dúin le béim ar cheannaireacht phobail, ina spreagtar níos mó ban agus daoine óga páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht áitiúil. Áit ina mothaíonn saoránaigh idir óg agus aosta go bhfuil siad ábalta páirt a ghlacadh. Tá DLR PPN fós ag feidhmiú mar an t-idirghabhálaí idir an tÚdarás Áitiúil agus an pobal. Is contae é Dún Laoghaire Ráth an Dúin ina bhfuil éisteacht an-tábhachtach; Téann a Chomhairle Chontae i gcomhairle leis an bpobal, éistean sí leo agus cuireann sí ar an eolas iad faoina pleananna agus bíonn sí i gcónaí ag cuardach tuairimí agus dearcthaí an phobail ar an iomlán.

Obair, an Geilleagar & Acmhainní

Áit inacmhainne agus thaitneamhach le cónaí agus obair agus ina dtacaítear le gach duine chun cónaí sa cheantar. Fáil ar acmhainní agus áiseanna cosúil le leathanbhanda agus seirbhísí chun obair ón mbaile nó obair chumaiscthe a éascú, chomh maith le tithíocht atá inacmhainne. Tá an córas iompair iontaofa agus nascann sé na daoine atá ina gcónaí sa cheantar le háiseanna áitiúla cosúil le hospidéal agus scoileanna agus seirbhís tointeála a cheanglaíonn bailte agus sráidbhailte áitiúla. Beidh DLR ina múnla nuálach den chathair 15-nóiméad. Tacófar le hoideachas daoine óga agus dáilfear amach acmhainní go cothrom chun cinntiú go bhfuil cothromaíocht deiseanna ag cách sa phobal chun go mbeadh rath eacnamaíoch acu. Tá tacaíochtaí ar fáil do ghnólachtaí, idir tacaíocht airgeadais agus oiliúna, chun cuidiú le gnólachtaí áitiúla agus iad ag fostú daoine a bhfuil seans ann go bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu.

Forbairt shóisialta & phobail

Sochaí sábháilte fulangach ina bhfuil cuimsiú mar an norm, sochaí ina gcothaítear gach duine aonair agus ina dtugtar na deiseanna agus tacaíochtaí chucu atá de dhíth chun barr a gcumais a bhaint amach. Beidh seo mar phobal ina bhfuil tithíocht fhóirsteanach inacmhainne, le spásanna poiblí cosúil le gairdíní agus ionaid ina mbeidh an pobal ábalta buaileadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, buaileadh le chéile, agus foghlaim agus ina bhfuil rochtain fhurasta ar eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil. Beidh béim ar an mbithéagsúlacht, agus beidh an timpeallacht glan agus saor ón mbruscar. Beidh an t-iompar inrochtana agus cuirfidh sé rochtain fhurasta ar fáil don chontae iomlán, ní amháin lár na cathrach. Beidh na tacaíochtaí uilig do theaghlaigh agus do chúramóirí idir óg agus aosta ar fáil go héasca taobh istigh den phobal agus inrochtana go héasca.